

# An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta Nuashonraithe 2015-2017

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Department of Social Protection

[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)



# An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta Nuashonraithe 2015-2017



Tá an Foilsiú ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGaeilge ag [www.socialinclusion.ie](http://www.socialinclusion.ie) agus [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

Leagann Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta Nuashonraithe seo amach cinneadh an Rialtais an sprioc sóisialta náisiúnta do laghdú bochtanais a athbhreithniú agus a fheabhsú, ag eascair ón athbhreithniú ar an sprioc bochtanais náisiúnta.

Foilsithe ag:  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Teach Gandon, Sráid Amiens  
Baile Átha Cliath 1

ISBN: 978-1-908109-37-8

An Roinn Coimirce Sóisialaí 2016  
Baile Átha Cliath, Éire, Feabhra 2016

## Ag Nuashonrú an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta

Aithníonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 (PGNCsóisialta) réimse leathan gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha dírithe chun an cuspóir iomlán bochtanas leanúnach a laghdú a bhaint amach. Cuireann an plean 12 sprioc ardleibhéil in ord tosaíochta agus aithníonn sé suas go 150 gníomhachtaí thar Ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil sainchúram i bpolasaí sóisialta acu, mar chuid de chur chuige straitéiseach chun tionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtanas thar an tréimhse go 2016.

Thóg Rialtas na hÉireann Straitéis Frith-Bochtanas Náisiúnta (SFBN) isteach don chéad uair dárbh ainm Ag Roinnt I nDul Chun Cinn, 1997-2007, deartha le cinntiú go roinneadh iad súid a bhí ag fulaingt bochtaineachta agus eisiamh sóisialta i dtorthaí an fhorbairt eacnamaíoch a bhí á bhaint amach ag an am sin, agus chun tionchar mór a dhéanamh ar an gcomhrac in aghaidh bochtanais. Forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta ina dhiadh an Straitéis sin in 2007.

Rinneadh maoirseoireacht gníomhach ar PGNCsóisialta thar a fhad tríd an Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta bliantúil. Is ceann amháin de na meicníochtaí maoirseoireachta agus tuarascála foirmeálta leagtha amach sa Phlean é seo. Comhordaíonn an Roinn Coimirce Sóisialaí ullmhú agus tiomsú na tuarascála, le hionchur ó Ranna Rialtais cuí. Go nuige seo ullmháodh cúig cinn de na tuarascálacha seo don Rialtas, ag cuimsiú na tréimhsí 2007, 2008, 2009-2010, 2011-2012 agus 2013-2014 faoi seach<sup>1</sup>.

### An Gá do Nuashonrú

Ó 2008, d'fhulaing Éire cúlú eacnamaíochta mór a cuireadh in achrann trí ghéarchéimeanna baincéireachta agus fioscacha. Is soiléir go bhfuil na dúshlán roimh an tír anois an-dhifriúil ná nuair a dréachtadh PGNCsóisialta in 2007.

Ar an mbealach céanna, coigeartaíodh freagairt an Rialtais ar chomhrac in aghaidh

bochtanais. Tá fócas níos mó ann anois ar an gcóras coimirce sóisialaí a nua-aoisiú, éifeachtacht agus éifeachtúlacht aistriuithe sóisialta a fheabhsú agus polasaithe cuimsithe gníomhacha a neartú. Ina theannta sin, tháinig straitéisí nua chun cinn, nó tá siad á fhorbairt, nach bhfuil soiléir go fónta in PGNCsóisialta.

Mar thoradh ar athruithe idirghníomhacha i gcomhthéacsanna eacnamaíochta, sóisialta agus polaitiúla d'éirigh spriocanna agus gníomhaíochtaí PGNCsóisialta áirithe a bheith as dáta nó níos lú bainteach le hábhar. Léirigh tosaíochtaí agus polasaithe reatha go raibh sé riachtanach PGNCsóisialta a nuashonrú dá dhá bhliain atá fágtha 2015-2016.

Rinneadh an próiseas nuashonraithe seo mar bheart aistrithe ar feitheamh athbhreithniú iomlán de PGNCsóisialta in 2017.

### Ag Síneadh an Achar Ama

Mar aon leis an nuashonrú riachtanach, tá achar ama PGNCsóisialta á shíneadh le bliain amháin, chuig 2017 mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Le comhtharlúint leis an Sprioc Sóisialta Náisiúnta um Laghdú Bochtanais eatramhach in 2016. Táthar ag súil leis na torthaí den CSO SILC 2016 a bheith foilsithe go déanach in 2017.
- Chun PGNCsóisialta a chur ar aon dul le Ráitis Straitéise na ranna leasmhara ar fad, a chuimsíonn an tréimhse 2015-2017.
- Chun 2017 a ghlacadh mar an 20ú cuimhneachán de chéad straitéis bochtaineachta náisiúnta agus sprioc bochtanais na hÉireann in 1997. D'fhéadfadh comhairliúcháin ar straitéis PGNCsóisialta sa todhchaí i ndiaidh 2017 a bheith curtha le chéile thart ar an gcuimhneachán cinniúach seo.

<sup>1</sup> Féach [www.socialinclusion.ie](http://www.socialinclusion.ie) do Thuarascálacha um Chuimsiú Sóisialta

## Próiseas Nuashonraithe

Stiúir an Rannán um Chuimsiú Sóisialta<sup>2</sup> sa Roinn Coimirce Sóisialaí nuashonrú dírithe de PGNCsóisialta chun achar ama 2015-2017 sínithe a chuimsiú. Chuathas i gcomhairle le Ranna Rialtais a bhfuil freagracht acu as an gclár spriocanna agus gníomhaíochtaí leagtha amach sa Phlean a sheachadadh. Tugadh cuireadh do gach Roinna chur in iúl conas is féidir na spriocanna ardleibhéil a athfhoirmiú chun

léiriú níos fearr de na saincheistanna agus idirghabhálacha reatha chun dul i ngleic le bochtanas agus eisiámh sóisialta a dhéanamh.

Ina theannta sin, bhí comhairliúchán le grúpaí pobail agud deonacha ar na dúshláin bochtanais reatha agus na tosaíochtaí tábhachtacha don tréimhse 2015-2017 mar chuid den Fhóram um Chuimsiú Sóisialta 2015

## Ag Tógáil Téarnamh Cuimsitheach

Tá na nascanna idir obair agus bochtanas bunaithe agus seanbhunaithe; tá fostaíocht rithábachtach mar bhealach as bochtanas. Is gné tábhachtach é margaí fostaíochta a chruthú chun dul i ngleic le riachtanais na ndaoine atá is mó i bhfad ón mhargadh fostaíochta agus leis an riosca bochtanais is mó. Aithnítear é seo sa Straitéis Eacnamaíoch Meán-Téarma 2014-2020:

*“Is é feidhm an Rialtais ná téarnamh lán le postanna a chinntiú agus Éire a chur ar bhealach i dtreo rathúnas inbhuanaithe, a sholáthróidh postanna agus deis dár ndaoine, a sholáthróidh seirbhísí poiblí d’ardchaighdeán agus a spreagfaidh nuálaíocht i ngnó agus thar na sochaí. Cumasóidh sé seo tógáil d’Éire níos cothroime trí chuidiú le míchothromaíocht a laghdú agus torthaí bochtanais thar na sochaí a fheabhsú, le béim áirithe ar bhochtanas linbh de réir an Clár don Rialtas”(p15)<sup>3</sup>*

Tá roinnt dúchlain roimh Éire agus í ag dul i ngleic le dífhostaíocht agus ard-rioscaí bochtanais, go háirithe don lucht dífhostaithe fad-téarmach, teaghlaigh (go háirithe teaghlaigh aon-tuismitheora) agus teaghlaigh gan postanna. Is tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an dtoise inscne, ní amháin i dtéarmaí rannpháirtíocht baineann sa mhargadh fostaíochta agus cothroimaíocht oibre is saoil, ach chomh maith leis sin i dtéarmaí torthaí dearfacha do dhaoine aonarach agus a gcuid leanaí.

Tá Éire ag téarnamh ó chúlú eacnamaíochta gan fasach a bhuail an tír le blianta beaga anuas. Leanann fianaise de théarnamh

eacnamaíoch ar aghaidh a bheith ag teacht chun cinn. Tugadh cobhsaíocht airgeadais ar ais le hairgeadais poiblí ar ais ar bhealach inbhuanaithe. D’imigh an tír as an clár tarrthála AE-CAI agus seachadadh filleadh chuig cruthú poist agus fás eacnamaíoch.

Agus an tír ag gluaiseacht sa treo ceart, shocraigh an Rialtas tosaíocht bhreise chun an téarnamh eacnamaíoch seo a fhairsingiú agus a dhoimhniú ar bhealach a bhraitear i saol laethúil daoine aonarach, teaghlaigh agus pobail ar fud na tíre, ionas go mbeidh an clár leanúnach de dheisiú eacnamaíoch in éineacht le béim céanna ar théarnamh sóisialta agus caighdeán maireachtála agus oibre feabhsaithe.

Ofrálann an Ráiteas de Thosaíochtaí Rialtais 2014-2016 plean oibre ar chonas a thacófar le teaghlaigh ata ag obair agus le hoibrithé ar ísealioncam agus meán-ioncam le cinntiú go mbraithear tairbhe an téarnaimh i ngach áit. Bainfear é seo amach trí roinnt tosaíochtaí éagsúla lena n-áirítear:

- Laghdú de rátaí cánacha do shaothraithe ísealioncam agus meán-ioncam le seachadadh thar roinnt buiséid, a chuideoidh le cruthú poist níos mó chomh maith agus a fheabhsóidh tarraingteacht na hÉireann mar shuíomh infheistíochta.
- Bunú de Choimisiún um Ísealioncam chun moltaí a dhéanamh ar phá íosta don Rialtas, bunaithe ar chomhairliúchán agus fianaise.

<sup>2</sup>Tá ról lárnach ag an Rannán um Chuimsiú Sóisialta i gcomhordú an fhorbairt leanúnach de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta 2007-2016 an Rialtais

<sup>3</sup>Rialtas na hÉireann (2013) *Straitéis d’Fhás: Straitéis Eacnamaíoch Meán-Téarma 2014-2020*. Baile Átha Cliath: Oifig Stáiseanáireachta Rialtais

- Tabhairt isteach de bhearta chun cabhrú le teaghlaigh ar ísealioncam trí fheabhas a chur ar an gcóras de thacaíochtaí ioncaim leanaí ionas go gcoinneoidh na daoine sin atá ag aistriú ó leas sóisialta chuig obair íocaíochtaí do leanaí le cinntiú go bhfuil daoine níos fearr as a bheith ag obair.
- Rochtain méadaithe ar chúram leanaí fóirdheontais agus áiteanna iarscoile trí incháilitheacht a

shíneadh agus ranníocaíochtaí tuismitheora do theaghlaigh atá ag dul isteach i bhfostaíocht a athchothromú.

Fuair an Measúnú ar Thionchar Sóisialta na mbearta leasa agus cáin ioncaim i mBuiséad 2016<sup>4</sup> amach gurb iad teaghlaigh le leanaí ar na tairbhíthe is mó den Bhuiséad, lena n-áirítear tuismitheoirí aonaracha atá ag obair agus lanúintí dífhostaithe le leanaí<sup>5</sup>.

## Straitéis um Chuimsiú Gníomhach

Tá an straitéis iomlán do chuimsiú gníomhach leagtha amach sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta 2011 agus tá sé bunaithe ar an 'stát leasa shóisialaigh forbraíochta' mar a leagtar amach i PGNCsóisialta.

Ciallaíonn cuimsiú gníomhach gach saoránach a chumasú, go háirithe iad siúd atá is mó faoi mhíbhuntáiste, páirt iomlán a ghlacadh sa sochaí, post a bheith acu san áireamh. Tá cuimsiú gníomhach beartaithe le dul i ngleic le dúshláin éagsúla lena n-áirítear: bochtanas, eisiámh sóisialta, bochtanas in-oibre, deighilt sa mhargadh fostaíochta, dífhostaíocht fad-téarmach agus míchothromaíochtaí inscne. Tá trí phríomhghné polasaithe ann:

- **Íosioncam fóna:** soláthar de thacaíocht ioncaim fóna. Is féidir leis seo a bheith trí leasanna as-oibre agus in-oibre a nascadh, agus trí dhaoine a chuidiú chun rochtain a fháil ar na leasanna ar a bhfuil teidlíocht acu.
- **Margaidh fostaíochta cuimsitheacha:** Ag déanamh níos éasca é do dhaoine dul isteach san fhórsa oibre, ag dul i ngleic le bochtanas in-oibre, ag seachaint sáinn na bochtaineachta agus dídhreasaithe obair a dhéanamh.

- **Rochtain ar sheirbhísí d'ardchaighdeán:** Cabhair a thabhairt do dhaoine páirt gníomhach a ghlacadh sa sochaí, trí rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí d'ardchaighdeán.

Tá coimirce sóisialta trí sholáthar íocaíochtaí tacaíochta ioncaim chomh maith le rochtain ar fhostaíocht agus seirbhísí bainteacha lámach do chur chun cinn cuimsiú gníomhach. Ba é tosaíocht an Rialtais le blianta beaga anuas ná taca a chur faoi inbhuanaitheacht an chórais leasa shóisialaigh i leith na todhchaí, lena n-áirítear soláthar do líon pinsinéirí atá ag méadú ag eascair ó bhrúnna déimeagrafacha.

Le blianta beaga anuas, síníodh an polasaí den chóras coimirce sóisialaí a athrú i gcóras amháin a dhíríonn ar fhostaíocht a uasmhéadú trí sheirbhísí oiliúna, forbartha agus fostaíochta a sholáthar taobh le taobh le tacaíocht ioncaim.

Cuireann an straitéis seo le sprioc uileghabhálach an Rialtais an geilleagar a fhás agus dífhostaíocht a laghdú. Cabhróidh daoine a chur ar ais san obair leo siúd atá i mbaol bhochtaineachta

<sup>4</sup> Is modheolaíocht bunaithe ar fhianaise é MTS a dhéanann meastáchán ar na héifeachtaí dáileacháin dealraitheacha de pholasaithe leasa agus cánacha ar ioncam teaghlaigh agus grúpaí sóisialta. Baineann sé úsáid as an múnla ESRI cáin/leas, SWITCH, chun tionchar athruithe buiséadacha ar shampla ionadaíoch de theaghlaigh ón Suirbhé POS ar Choinníollacha Ioncaim agus Maireachtála a ionsamhlú.

<sup>5</sup> Féach: An Roinn Coimirce Sóisialaí (2015), *Measúnú ar Thionchar Sóisialta na mBearta Leasa agus Cáin Ioncaim i mBuiséad 2016*, Baile Átha Cliath: An Roinn Coimirce Sóisialaí. Féach: <http://www.welfare.ie/en/Pages/SocialImpact2016.aspx>

## Spríoc Sóisialta Náisiúnta do Laghdú Bochtaineachta

D'fhoilsigh an Rialtas athbhreithniú cuimsitheach den spríoc bochtanais náisiúnta, mar a leagadh amach ar dtús sa PGNCsóisialta, in 2012. Bunaithe ar an athbhreithniú seo, rinne an Rialtas athmheas agus chuir sé feabhas ar an spríoc bochtanais, athainmnithe anois an Spríoc Sóisialta Náisiúnta do Laghdú Bochtaineachta. Is é an spríoc athmheasta ná bochtanas comhsheasmhach a laghdú chuig 4 faoin gcéad roimh 2016 (spríoc eatraimh) agus chuig 2 faoin gcéad nó níos lú roimh 2020, ón ráta bonnlíne 2010 de 6.3 faoin gcéad.

Is é an Monatóir um Chuimsiú Sóisialta, ullmhaithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, an tuarascáil oifigiúil ar dhul chun cinn i leith an spríoc sóisialta náisiúnta do laghdú bochtanais agus táscairí tacaíochta a chomhlíonadh.<sup>6</sup>

### Spríoc Bochtanais Eoraip 2020

I Meitheamh 2010, ghlac an Chomhairle Eorpach *Eorap 2020: Straitéis d'fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach* a leagann amach fíis de gheilleagar margadh sóisialta na hEorpa don 21ú céad. Neartaíonn an Straitéis idirghníomhaíocht idir polasaithe eacnamaíochta, fostaíochta agus sóisialta a mheastar a bheith riachtanach chun fás inbhuanaithe, cruthú poist agus comhtháthú sóisialta agus críche a chothú.

Mar chuid den Straitéis, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach cúig príomhspríoc ar fhostaíocht, taighde agus forbairt; athrú aeráide; oideachas; agus bochtanas. Feictear na spríocanna a bheith idirghaolmhar agus comh-neartach.

Is é an spríoc bochtanais ná 20 milliún duine a thógáil as an riosca bochtaineachta nó eisiámh sóisialta roimh 2020. Mar a ndeonachán don spríoc bochtanais Eoraip 2020, ní mór do Bhallstáit spríocanna bochtanais náisiúnta a leagaint amach bunaithe ar tháscairí náisiúnta cuí, ag cur cúinsí agus tosaíochtaí náisiúnta san áireamh.

Tá deonachán na hÉireann don spríoc bochtanais Eorap 2020 leagtha amach sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta 2013. Iarrann sé ar íosmhéid de 200,000 duine a thógáil as 'comhbhochtanais' roimh 2020 (comhcheangal de i-mbaol-bochtanais, díothacht bhunúsach agus bochtanas leanúnach), ag úsáid bonnlíne 2010.

### Spríoc Bochtaineachta Leanáí

Chomhaontaigh an Rialtas spríoc leanáí d'ar a laghad 70,000 leanbh a thógáil as bochtanas leanúnach, bunaithe ar ráta bonnlíne 2011.

Cuirtear polasaí an Rialtais maidir le dul i ngleic le bochtanas do leanáí agus teaghlaigh in iúl i dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (TNFTNG), an creat polasaithe náisiúnta do leanáí agus daoine óga 2014-2020.

Ar aon dul leis an spríoc seo, chuir an Rialtas feidhmiú cur chuige lán-rialtais ar dhul i ngleic le bochtaineacht leanáí in ord tosaíochta, ag tógáil ar an gcur chuige saolré in PGNCsóisialta agus le Moladh an Choimisiún Eorpach ar 'Infheistiú i leanáí: ag briseadh an timthrialla de mhíbhuntáiste' á cur bonn eolais faoi.

Cuimsíonn an cur chuige lán-rialtais tacaíochtaí ioncaim leanáí agus teaghlaigh, seirbhísí cosctha agus luath-idirghabhála do leanáí agus tuismitheoirí i limistéir faoi mhíbhuntáiste, clár náisiúnta chun dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil, plean gníomhaíochta coirp nua, soláthar méadaithe de bhéilí scoile agus rochtain ar an margadh fostaíochta do theaghlaigh gan postanna.

Forbróidh plean gníomhaíochta ar leith i gcomhthéacs clár oibre an TNFTNG. Dá bhrí sin ní chuimsítear an saincheist seo sa PGNCsóisialta 2015-2017 nuashonraithe.

<sup>6</sup> Féach [www.socialinclusion.ie](http://www.socialinclusion.ie) do Mhonatóirí um Chuimsiú Sóisialta

## **Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe NA**

Thug an nuashonrú deis breithniú a dhéanamh ar PGNCsóisialta i gcomhthéacs an Clár Oibre 2030 a comhaontaíodh le déanaí, a chuimsíonn na Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe nua.

I Meán Fómhair 2015, comhaontaíodh sraith de 17 Spríoc Forbartha Inbhuanaithe ag Cruinniú Mullaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe i Nua Eabhrac. Léiríonn na spríocanna seo, atá infheidhmithe go huilíoch, plean uailmhianach chun bochtanas a dhíothú, dul i ngleic le díghrádú timpeallachta agus athrú aeráide agus domhan níos síochána, cothroime agus inbhuanaithe a thógáil roimh 2030.

Leagann comhaontú na spríocanna seo amach an bealach don domhan ar fad chun todhchaí níos inbhuanaithe, rathúla agus síochána a sheachadadh do chách.

Baineann roinnt de na spríocanna seo go sonrach le bochtanas agus mar sin tá baint acu leis an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Sóisialta Nuashonraithe 2015-2017. Cuimsíonn siad seo fíorbhochtaineacht a dhíothú, ag laghdú cion na bhfir, mná agus leanaí atá ag maireachtáil i mbochtanas faoina leath agus ag cur córais agus bearta um choimirce sóisialaí i bhfeidhm. Tacófar freagrachtaí na hÉireann faoi na spríocanna cuí agus cuspóirí bainteacha le feidhmiú leanúnach PGNCsóisialta le linn na tréimhse go 2017

## **Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara agus Daoine ag Fulaingt Bochtaineachta**

Tá an Rialtas tiomanta do rannpháirtíocht le réimse leathan páirtithe leasmhara le leas agus baint acu le polasaithe agus cleachtas cuimsithe sóisialta. Cuimsíonn sé seo daoine atá ag fulaingt bochtaineachta agus eisiaimh sóisialta agus na grúpaí sin a oibríonn leo. Tacaítear le rannpháirtíocht daoine atá ag fulaingt bochtaineachta trí struchtúir institiúdeacha ar nós an Fóram um Chuimsiú Sóisialta, agus tionscnaimh um chuimsiú sóisialta éagsúla, ar nós Lá NA do Dhíothú na Bochtaineachta.

### **An Fóram um Chuimsiú Sóisialta**

Tá an Fóram um Chuimsiú Sóisialta bliantúil (FCS) mar chuid de na struchtúir institiúdeacha atá curtha i bhfeidhm chun taca a chur faoi fheidhmiú, monatóireacht agus forbairt leanúnach de phlean oibre um chuimsiú sóisialta an Rialtais. Tugann sé fóram do chomhairliúchán poiblí níos leithne agus díospóireacht ar shaincheisteanna cuimsithe sóisialta, go háirithe do dhaoine atá ag fulaingt bochtaineachta agus eisiaimh sóisialta agus na grúpaí a oibríonn leo.

Tugann an fóram deis do rannpháirtíocht idir oifigigh ó Ranna Rialtais, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus daoine atá ag

fulaingt bochtaineachta chomh maith maidir leis an PGNCsóisialta. Tugadh an ócáid bhliantúil seo chun tosaigh go dtí tús na bliana chun tionchar níos fearr a bheith aici ar fhorbairt polasaithe, lena n-áirítear timthriall Seimeastair na hEorpa de threoir agus maoirseoireacht pholasaí eacnamaíoch.<sup>7</sup>

### **Lá Idirnáisiúnta na NA do Dhíothú na Bochtaineachta**

Gach bliain oibrítear le agus tugtar tacaíocht do Shochaí Sibhialta trí scéim bhliantúil maoinithe chun tacú le grúpaí pobail agus deonacha faoi Thionscnamh Maoinithe um Fheasacht Phoiblí do Lá Idirnáisiúnta na NA do Dhíothú na Bochtaineachta 17ú Deireadh Fómhair (Lá NA).

Cuimsíonn na cineálacha tionscadail a fuair maoiniú faoin scéim le blianta beaga anuas tionscnaimh aon-uair le fócas náisiúnta/réigiúnach nó áitiúil a bhfuil sé mar aidhm acu:

- Feasacht phoiblí a chruthú ar Lá Idirnáisiúnta na NA do Dhíothú na Bochtaineachta agus bochtaineacht go ginearálta;

<sup>7</sup> Féach [www.socialinclusion.ie](http://www.socialinclusion.ie) do tuarascálacha comhdhála Fóram Chuimsiú sóisialta

- Daoine atá i mbaol, nó ag fulaingt bochtaineachta a bheith páirteach;
- Dlúthpháirtíocht leis an gcomhrac chun bochtanas a dhíothú go domhanda a chur in iúl.

Is riachtanas sonrach na scéime é go gcaithfear le gníomhaíochtaí maoinithe ar fad tárlúint ar nó thart ar 17ú Deireadh Fómhair.

### Nuálaithe Sóisialta Óga

Sholáthair an Roinn Coimirce Sóisialaí tacaíocht airgeadais don chlár Nuálaithe Sóisialta Óga (NSÓ) don sé bhliain atá thart.

Bunaíodh an NSÓ in 2001 chun feasacht shóisialta a ardú i measc daoine de 15-18 bliain d'aois in Éirinn ionas go bhféadfadh leo a bheith ina gcuraidh éifeachtúla do cheartas sóisialta.

Díríonn a Chlár um Nuálaíocht Sóisialta ar dhaltaí 2ú leibhéal agus tá sé bunaithe ar fhoghlaim trialach agus le taca curtha faoi ag forbairt proifeisiúnta láidir d'oideoirí agus soláthar acmhainní. Tugann thar 6,500 rannpháirtí déagóra ó gach coirneál d'Éire faoi na céadta tionscadail ar fud na hÉireann gach bliain. Cuirtear na tionscadail seo i láthair ag ócáid bhliantúil a reáchtáiltear i mBealtaine de ghnáth.

---

## Spriocanna Ardleibhéal Nuashonraithe

Chomhaontaigh an Rialtas 14 spriocanna ardleibhéal nuashonraithe don tréimhse 2015-2017, méadú de dhá cheann ar an iar-uimhir de 12. Cuimsíonn siad leaganacha athfhoirmlithe agus nuashonraithe de spriocanna ardleibhéal ón PGNCsóisialta atá ann cheana chomh maith le spriocanna nua bunaithe ar saincheistean nua agus éiritheacha. Cuimsíonn siad fócas ar fhorbairt luath-óige, eisiámh na hóige, rochtain ar an margadh fostaíochta, imeascadh imirceach, tithíocht shóisialta agus fuinneamh inacmhainne.

Léiríonn na spriocanna seo torthaí na gcomhairliúcháin páirtithe leasmhara a rinneadh le linn an phróiseas athbhreithnithe, an Ráiteas de Thosaíochtaí Rialtais 2014-2016 agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Díríonn siad ar:

- Cinntiú go mbaineann leanaí a bpoiteinsiúl ceart amach;
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine d'aois oibre agus daoine faoi mhíchumas, chun fostaíocht agus rannpháirtíocht a mhéadú;
- Daoine breacaosta a chumasú chun caighdeán maireachtála compórdach a chothabháil;
- Feabhas a chur ar shaolta daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha.

Laistigh de gach chuid den saolré, tá roinnt spriocanna ardleibhéal á chur in ord tosaíochta



## **Leanaí: Ag cinntiú go mbaineann leanaí a bpoitéinsiúl ceart amach**

### *Sprioc 1: Cúram agus Oideachas Luath-Óige*

Lean ar aghaidh ag infheistiú i gcúram agus oideachas luath-óige d'ardchaighdeán do leanaí ar fad trí sholáthar de réamhscoil saor in aisce, trí thacaíocht a thabhairt do theaghlaigh le costais cúraim leanaí, go háirithe teaghlaigh ar ísealioncaim, agus trí fheabhas a chur ar chaighdeán an soláthair

### *Sprioc 2: Litearthacht agus Uimhearthacht*

Na céatadán de leanaí bunscoile atá ag feidhmiú ag na leibhéil is airde sa Mheasúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic agus Léitheoireacht Béarla a mhéadú le ar a laghad 5 pointe faoin gcéad ag rang a dó agus rang a sé araon roimh 2020. An céatadán de leanaí atá ag feidhmiú ag nó faoin íosleibhéal sa Mheasúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic agus Léitheoireacht Béarla a laghdú le ar a laghad 5 pointe faoin gcéad ag rang a dó agus rang a sé araon roimh 2020.

### *Sprioc 3: Rannpháirtíocht in Oideachas*

Fórsa oibre dea-oilte a chur chun cinn ag tacú le téarnamh na hÉireann agus ardchaighdeán maireachtála a sheachadadh dár saoránaigh tríd an céatadán de dhaoine de 18-24 bliain d'aois le ar a mhéad oideachas meánscoile níos ísle agus ní i mbreisoideachas agus oiliúint a laghdú go 8%; agus an sciar de dhaoine de 30-34 bliain d'aois a bhfuil oideachas tríú leibhéal nó coibhéis oideachais a mhéadú go ar a laghad 60%.

### *Sprioc 4: Tacaíocht Ioncaim Leanaí*

An comhluach de thacaíochtaí ioncaim leanaí a chothabháil ag 33-35% den ráta íocaíochta leasa shóisialaigh den ráta íocaíochta leasa shóisialaigh do dhaoine fásta agus a éifeachtacht a uasmhéadú i mbochtaineacht leanaí a laghdú, agus ag leanúint ar aghaidh ag tacú le tuismitheoirí ar fad leis na costais leanaí a thógáil.

## **Daoine in Aois Oibre: Ag tacú le daoine in aois oibre agus daoine faoi mhíchumas, chun fostaíocht agus rannpháirtíocht a mhéadú**

### *Sprioc 5: Gníomhachtú den Mhargadh Fostaíochta*

Tacaíochtaí ioncaim agus treoir éifeachtúla, atá dírithe ar obair atá riachtanach chun iad a chabhrú conaire isteach i bhfostaíocht a phleanáil agus a chur i bhfeidhm a sholáthar do dhaoine dífhostaithe cláraithe ar fad. Go háirithe daoine atá dífhostaithe go fad-téarmach agus daoine óga dífhostaithe a sholáthar le deiseanna chun a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí bhreisluacha cuardach poist, treoir, taithí oibre, oideachais agus oiliúna.

---

*Sprioc 6: Ó Leas go hObair*

Tacaíocht éifeachtach a sholáthar do chuardaitheoirí poist agus faighteoirí na hÍocaíochta aistrithe chuardaitheora poist (iarfhaighteoirí na hÍocaíochta Teaghlach Aontuismitheora) trí oifigí Intreo na Roinne agus eolas a sholáthar ar thacaíochtaí in-oibre atá ar fáil má aistríonn siad isteach i bhfostaíocht.

---

*Sprioc 7: Fostaíocht na nÓg*

Daoine óga ar fad faoin aois de 25 atá dífhostaithe a bheith rannpháirteach trí Intreo, le cinntiú go bhfaigheann siad tairiscint fhostaíochta, oideachas leantach, printíseacht nó cúrsa oiliúna de dheá-chaighdeán laistigh de thréimhse de cheithre mhí tar éis a bheith dífhostaithe nó oideachas foirmeálta a fhágáil. Scileanna infhostaitheachta a fheabhsú do dhaoine óga trí dheiseanna seach-fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta foghlamtha.

---

*Sprioc 8: Fostaíocht de Dhaoine faoi Mhíchumas*

Tacaíocht a thabhairt don rannpháirtíocht mhéadaithe de dhaoine faoi mhíchumas in obair trí scileanna, cumas agus neamhspleáchas a thógáil; ag soláthar droichid agus tacaíochtaí chuig obair; obair a dhéanamh tairbheach; tacú le coinneáil poist agus ath-iontráil isteach in obair; ag soláthar tacaíocht gan uaim agus obair le fostóirí, mar chuid den Straitéis Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2015-2024.

**Daoine Breacaosta: Ag cumasú daoine breacaosta caighdeán maireachtála compórdach a chothabháil**

---

*Sprioc 9: Cúram Pobail*

Lean ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do dhaoine breacaosta le maireachtáil i ndínt agus neamhspleáchas ina dteaghlaigh agus pobail féin chomh fada agus is féidir leo. Nuair nach bhfuil sé seo indéanta, tacaíocht a thabhairt le rochtain a fháil ar chúram cónaithe fad-téarmach d'ardchaighdeán cuí.

---

*Sprioc 10: Pinsin Stáit agus Áit Oibre*

Leordhóthanacht agus inbhuanaitheacht pinsin Stáit a chothabháil agus feabhas a chur ar, nuair is féidir, thorthaí tríd an próiseas athchóirithe pinsin. Treochlár agus amlíne a fhorbairt do thabhairt isteach córas coigilte scoir áit oibre breise a dhéanann breithniú ar na comhfachtóirí a bhaineann le scéim leathan éifeachtúil agus éifeachtach a thógáil: gnéithe dearthóireachta; costmheastacháin agus achar ama le tabhairt isteach de réir a chéile.

## **Pobail: Ag feabhsú saolta daoine a bhfuil cónaí orthu i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus grúpaí leochaileacha**

### *Spríoc 11: Tithíocht Sóisialta*

**Córas tacaíochta um thithíocht sóisialta atá níos solúbtha agus freagrach a chruthú lena n-áirítear réimse aicsin le cinntiú go bhfuil tacaíochtaí um thithíocht sóisialta freagrach ar riachtanais daoine chomh maith le feabhsúcháin ina gcuid cúinsí.**

### *Spríoc 12: Cúram Sláinte Príomhúil*

**Seirbhísí cúram sláinte príomhúil a fhorbairt sa phobal a thabharfaidh rochtain díreach ar fhoirne ildisciplíneach comhtháite de dhochtúirí ginearálta, altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí saothair agus eile.**

### *Spríoc 13: Imeascadh Imirceach*

**Imeascadh imirceach a chur chun cinn, agus cuimsiú sóisialta, comhionannas, éagsúlacht agus rannpháirtíocht imirceach sa saol eacnamaíoch, sóisialta, polaitiúil dá gcuid pobail a spreagadh trí straitéis imeasctha imirceach nua.**

### *Spríoc 14: Fuinneamh Inacmhainne*

**Modheolaíocht bochtaineachta fuinnimh cuí agus na huirlisí sonraí atá riachtanach a aithint chun leibhéil bochtaineachta fuinnimh a mheas agus súil a choinneáil orthu. Cláir éifeachtúlachta atá ann cheana a athchóiriú, nó cláir nua a fhorbairt mar an bhealach is fearr chun dul i ngleic le bochtaineacht fuinnimh sa fadtéarma, mar chuid de straitéis fhuinnimh inacmhainne náisiúnta nua.**

## **Gníomhaíochtaí Tacaíochta & Creat Tuairiscithe**

Tá an Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta ar cheann amháin de roinnt meicníochtaí do thuairisciú ar bhochtanas agus cuimsiú sóisialta. Leanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí ar aghaidh ag comhlíonadh a bhfreagracht tuairisciú a dhéanamh don Rialtas ar fheidhmiú PGNCsóisialta thar na tréimhse go deireadh 2017. Tá sé i gceist go gcuimseoidh an chéad Tuarascáil um Chuimsiú Sóisialta eile an tréimhse 2015-2016 agus críochnófar é go luath in 2017.

Cuimseoidh an tuarascáil seo fócas ar na gníomhaíochtaí oiriúnacha chun tacú le feidhmiú na spriocanna nua. Comhaontófar na gníomhaíochtaí seo le ranna leasmhara

ar fad le linn a hullmhúchán. Comhordóidh an Rannán um Chuimsiú Sóisialta an tuarascáil le hábhar nuashonraithe le soláthar ag na Ranna Rialtais cuí chun bonn eolais a chur faoi dhul chun cinn.

Ina dhiadh sin beidh athbhreithniú neamhspleách de PGNCsóisialta don tréimhse 2007-2017. Déanfar an athbhreithniú le linn 2017 de réir tosaíochtaí an Rialtais. Déanfaidh sé breithniú breise ar na ceachtanna de 20 bliain de pholasaithe rialtais do dhíriú ar bhochtanas chun bonn eolais a chur faoin chéad babhta eile de PGNCsóisialta, de réir mar is gá.

Arna foilsíú ag An Roinn Coimirce Sóisialaí,  
Rannán um Chuimsiú Sóisialta, Teach Gandon, Sráid Amiens Baile Átha Cliath 1



An Roinn Coimirce Sóisialaí

Department of Social Protection

[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)